# CINNEADH (AE) 2020/2137 ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Nollaig 2020

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát, de pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát, de pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú"), an 15 Deireadh Fómhair 2008, agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 29 Nollaig 2008 i leith.

(2) De bhun Airteagal 230(4) den Chomhaontú, féadfaidh Coiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE aon choiste speisialta a bhunú agus a mhaoirsiú chun dul i ngleic le hábhair a thagann laistigh dá inniúlacht.

(3) Chun dul i ngleic le gach ábhar den Chomhaontú a bhaineann le trádáil seirbhísí ar bhealach níos éifeachtúla, tá sé ar intinn ag an gCoiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE cinneadh a ghlacadh lena mbunaítear Coiste Speisialta um Sheirbhísí.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh lena mbunaítear Coiste Speisialta um Sheirbhísí.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE a mhéid a bhaineann le Cosite Speisialta um Sheirbhísí a bhunú, ba cheart é a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát, de pháirt eile, maidir le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú, beidh an seasamh sin bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE ([2]).

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar an dréachtchinneadh ó Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

---

([1]) IO L 289, 30.10.2008, lch. 3.
([2]) Féach doiciméad ST 13287/20 ar http://register.consilium.europa.eu

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Nollaig 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. KLOECKNER